BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Séú Dlísheomra)

26 Márta 2026*

(Tarchur chun réamhrialú – Talmhaíocht – Bainne agus táirgí bainne – Rialachán (CE) Uimh. 595/2004 – Seachadadh chuig ceannaitheoir neamhúdaraithe – Airteagal 24(1) – An coincheap 'pionós' – Tobhach breise atá dlite ón táirgeoir – Tobhach arna ríomh ar bhonn an táirge arna sheachadadh ina iomláine – Comhréireacht – Cearta cosanta agus an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil)

I gCás C-294/25,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ón Consiglio di Stato (an Chomhairle Stáit, an Iodáil), trí bhreith an 15 Aibreán 2025, a fuarthas ag an gCúirt an 17 Aibreán 2025, sna himeachtaí

UD, VO, GT agus KJ, ina n-ainmneacha féin agus mar scairshealbhóirí de Società Agricola UD e co.,

BF, ina ainm féin agus mar úinéir an ghabháltais talmhaíochta chéanna,

IJ, **BP agus LR**, ina n-ainmneacha féin agus mar scairshealbhóirí de chuid Azienda agricola IJ, BP agus LR s.s.

v

Agenzia Veneta per i pagamenti in agricoltura (AVEPA),

tugann AN CHÚIRT (an Séú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: I. Ziemele, Uachtarán Dlísheomra, A. Kumin agus M. Bošnjak (Rapóirtéir), Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: D. Spielmann,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

* Teanga an cháis: an Iodáilis.

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– **UD, VO, GT agus KJ**, ina n-ainmneacha féin agus mar scairshealbhóirí de Società Agricola UD e co., ag M. Aldegheri, avvocata,

– **BF**, ina ainm féin agus mar úinéir an ghabháltais talmhaíochta chéanna, ag M. Aldegheri agus E. Ermondi, avvocate,

– **IJ**, **BP agus LR**, ina n-ainmneacha féin agus mar scairshealbhóirí de chuid Azienda agricola IJ, BP agus LR s.s., ag M. Aldegheri, avvocata,

– Agenzia Veneta per i pagamenti in agricoltura (AVEPA), ag A. Cusin, T. Munari, B. Peagno, G. Quarneti agus F. Zanlucchi, avvocati,

– Rialtas na hIodáile, ag S. Fiorentino, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó G. Rocchitta agus L. Vignato, avvocati dello Stato,

– an Coimisiún Eorpach, ag C. Biz agus M. Konstantinidis, i gcáil Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breithiúnas a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 13 agus Airteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1392/2001 ón gCoimisiún an 9 Iúil 2001 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CEE) Uimh. 3950/92 ón gComhairle lena mbunaítear tobhach breise in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne (IO 2001 L 187, lch. 19), Airteagal 23 agus Airteagal 24(1) de Rialachán (CE) Uimh. 595/2004 ón gCoimisiún an 30 Márta 2004 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1788/2003 ón gComhairle lena mbunaítear tobhach in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne (IO 2004 L 94, lch. 22), agus prionsabail na deimhneachta dlíthiúla, chosaint an ionchais dhlisteanaigh, na comhréireachta, an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe.

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir UD, VO, GT agus KJ, ina n-ainmneacha féin agus mar scairshealbhóirí de Società Agricola UD e co, BF, ina ainm féin agus mar úinéir an ghabháltais talmhaíochta chéanna, agus IJ, BP agus LR, ina n-ainmneacha féin agus mar scairshealbhóirí de chuid Azienda agricola IJ, BP agus LR s.s., (‘na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí’) i gcoinne Agenzia Veneta per i pagamenti in agricoltura (AVEPA) (an Ghníomhaireacht um Íocaíochtaí Talmhaíochta Veinéiseach, an Iodáil) maidir le tobhaigh bhreise a fhorchur ar chainníochtaí bainne arna seachadadh ag na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí chuig ceannaitheoir neamhúdaraithe.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

Rialachán (CE) Uimh. 1788/2003

3 Leagtar amach an méid seo a leanas in aithrisí 3 agus 22 de Rialachán (CE) Uimh. 1788/2003 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2003 lena mbunaítear tobhach in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne (IO 2003 L 270, lch. 123), ar rialachán é a aisghaireadh le Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2007 lena mbunaítear comheagrú na margaí talmhaíochta agus maidir le forálacha sonracha i gcomhair táirgí talmhaíochta áirithe (Rialachán Aonair Chomheagrú an Mhargaidh Aonair) (IO 2007 L 199, lch. 1):

‘(3) Is é is príomhchuspóir don scéim seo an éagothroime idir soláthar agus éileamh bainne agus táirgí bainne agus na barrachais struchtúrtha a eascraíonn as a laghdú agus ar an gcaoi sin cothromaíocht fheabhsaithe sa mhargadh a bhaint amach.[...]

[...]

(22) Tá an tobhach dá bhforáiltear sa Rialachán seo beartaithe go háirithe le haghaidh an margadh do tháirgí bainne a thabhairt chun rialtachta agus a chobhsú. [...]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 1 de Rialachán Uimh. 1788/2003, dar teideal ‘Ábhar’:

‘1. Ón 1 Aibreán 2004 agus ar feadh 11 thréimhse 12 mhí as a chéile dar tús an 1 Aibreán (“tréimhsí 12 mhí”), gearrfar tobhach (‘an tobhach’) ar chainníochtaí bainne bó nó táirgí eile bainne a chuirfear ar an margadh i rith na tréimhse 12 mhí atá i gceist sa bhreis ar na cainníochtaí tagartha náisiúnta atá leagtha síos in Iarscríbhinn I.

2. Déanfar na cainníochtaí a roinnt idir táirgeoirí i gcomhréir le forálacha Airteagal 6, agus idirdhealú á dhéanamh idir seachadtaí agus díolacháin dhíreacha mar a shainmhínítear in Airteagal 5. Déanfar sárú na cainníochta tagartha náisiúnta agus an tobhach a eascraíonn as sin a bhunú ar an leibhéal náisiúnta i ngach Ballstát i gcomhréir le Caibidil 3 agus ar leithligh i gcás seachadtaí agus díolacháin dhíreacha.

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 De bhun Airteagal 4 den Rialachán sin, dar teideal ‘Ranníocaíocht leis an tobhach atá dlite’:

‘Déanfar an tobhach a roinnt ina iomláine, i gcomhréir le hAirteagail 10 agus 12, idir na táirgeoirí a raibh páirt acu i ngach ceann de na sáruithe a rinneadh ar na cainníochtaí tagartha náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 1(2).

Gan dochar d’Airteagal 10(3) agus Airteagal 12(1), beidh na táirgeoirí faoi dhliteanas i leith an Bhallstáit maidir lena ranníocaíocht a íoc don tobhach atá dlite, arna ríomh i gcomhréir le Caibidil 3, ar an bhforas amháin gur sháraigh siad na cainníochtaí tagartha a bhí ar fáil dóibh.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 22 den Rialachán sin, dar teideal ‘Cur i bhfeidhm an tobhaigh’:

‘Measfar gur idirghabháil é an tobhach atá beartaithe chun margaí talmhaíochta a chobhsú agus úsáidfear é chun caiteachas in earnáil an bhainne a mhaoiniú.’

Rialachán Uimh. 1392/2001

7 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 13 de Rialachán Uimh. 1392/2001, dar teideal ‘Údarú an cheannaitheora’:

‘1. Chun oibriú ar chríoch Bhallstáit, ní mór don cheannaitheoir a bheith údaraithe ag an mBallstát sin.

[...]

3. Gan dochar do na pionóis arna mbunú ag an mBallstát lena mbaineann nó atá le bunú aige déanfar an t-údarú a aistarraingt mura gcomhlíontar na coinníollacha dá bhforáiltear i mír 2(a) agus (b) a thuilleadh. [...].

[...]’

8 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 14(1) den Rialachán sin, dar teideal ‘Oibleagáidí an cheannaitheora agus an táirgeora’:

‘Ceanglaítear ar an táirgeoir a áirithiú go bhfuil an ceannaitheoir a seachadann sé chuige údaraithe. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh do phionóis i gcás seachadadh chuig ceannaitheoir neamhúdaraithe.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Rialachán Uimh. 595/2004

9 Is mar a leanas atá an fhoclaíocht in aithris 6 de Rialachán Uimh. 595/2004:

‘Tá sé ríthábhachtach, ar thaobh amháin, cruinneas na sonraí arna gcur in iúl ag ceannaitheoirí agus táirgeoirí a fhíorú agus, ar an taobh eile, a áirithiú go bhforchuirtear an tobhach go hiarbhír ar na táirgeoirí atá freagrach as an sárú ar na cainníochtaí tagartha náisiúnta. Chuige sin, bheadh sé inmhianaithe ról na mBallstát a neartú a mhéid a bhaineann leis na seiceálacha agus na pionóis a gceanglaítear orthu a leagan síos chun a áirithiú go mbaileofar i gceart na ranníocaíochtaí le híocaíocht an tobhaigh. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit clár rialaithe náisiúnta a tharraingt suas do gach tréimhse 12 mhí, ar bhonn anailís ar na rioscaí, agus seiceálacha a dhéanamh ar leibhéal na feirme, an iompair agus an cheannaitheora d’fhonn neamhrialtachtaí agus calaois a d’fhéadfadh a bheith ann a chomhrac. Is gá freisin an teorainn ama agus an líon seiceálacha is gá a shonrú chun gur féidir leis na hoibreoirí uile comhlíonadh na scéime a fhíorú laistigh de theorainn ama shonraithe. Ba cheart pionóis a leagan síos i gcás nár comhlíonadh na buncheanglais sin.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

10 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 23 den Rialachán sin, dar teideal ‘Ceannaitheoirí a údarú’:

‘1. Chun go bhféadfar bainne a cheannach ó tháirgeoirí agus oibriú ar chríoch Bhallstáit, ní mór don cheannaitheoir a bheith údaraithe ag an mBallstát lena mbaineann.

[...]

3. Gan dochar do na pionóis arna leagan síos ag an mBallstát lena mbaineann, déanfar an t-údarú a aistarraingt mura gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach faoi mhír 2(a) agus (b) a thuilleadh.

[...]’

11 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 24(1) den Rialachán sin, dar teideal ‘Oibleagáidí na gceannaitheoirí agus na dtáirgeoirí’:

‘Áiritheoidh an táirgeoir go bhfuil an ceannaitheoir a seachadann sé chuige údaraithe. Déanfaidh na Ballstáit pionóis a leagan síos i gcás seachadtaí chuig ceannaitheoir neamhúdaraithe.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

12 I gcomhréir leis an gcéad fhomhír d’Airteagal 28 agus leis an dara fomhír d’Airteagal 29 de Rialachán Uimh. 595/2004, aisghaireadh Rialachán Uimh. 1392/2001 le héifeacht ón 1 Aibreán 2004.

Dlí na hIodáile

13 Féachtar le decreto legge n. 49/2003 – Riforma della normativa in tema di applicazione del prelievo supplementare nel settore del latte e dei prodotti lattiero-caseari (Dlí Foraithne Uimh. 49/2003 lena ndéantar na rialacha maidir le cur i bhfeidhm an tobhaigh breise in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne a athchóiriú) an 28 Márta 2003 (GURI Uimh. 75 an 31 Márta 2003, lch. 4), sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí (‘Dlí Foraithne Uimh. 49/2003’), forálacha ábhartha Rialachán Uimh. 1392/2001, agus ansin forálacha ábhartha Rialachán Uimh. 595/2004, a chur chun feidhme.

14 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 4(2) agus (4) den Dlí Foraithne sin:

‘2. Ceanglaítear ar gach táirgeoir a áirithiú go bhfuil an ceannaitheoir a bhfuil sé ar intinn aige bainne a sheachadadh chuige údaraithe de réir bhrí an Airteagail seo; beidh bainne nó coibhéis bhainne arna seachadadh chuig ceannaitheoir neamhúdaraithe go hiomlán faoi réir tobhach breise atá dlite ón táirgeoir.

[...]

4. Féadfaidh aon cheannaitheoir a ghníomhóidh gan an t-údarú dá dtagraítear san Airteagal seo, bheith faoi réir pionós riaracháin is ionann agus méid an tobhaigh breise ar chainníocht iomlán an táirge a aistarraingeofar gan údarú.’

An díospóid sna príomhimeachtaí agus an cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

15 Dhíol na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí, atá ina scairshealbhóirí nó ina n-úinéirí de thrí ghabháltas talmhaíochta, a dtáirgeadh bainne don tréimhse mhargaíochta 2005 go 2006 le Società Cooperativa Latte 2001 Soc. coop. arl. Mar sin féin, rinneadh údarú na cuideachta sin mar cheannaitheoir a aistarraingt le decreto n. 1214 del Direttore generale Agricoltura della Regione Lombardia (Foraithne Uimh. 1214 ó Ard-Stiúrthóir Talmhaíochta Réigiún na Lombairde) an 1 Feabhra 2005.

16 Ina dhiaidh sin, tar éis a chinneadh, le linn na tréimhse margaíochta sin, gur sheachaid na hiarratasóirí sin bainne chuig ceannaitheoir neamhúdaraithe, de shárú ar Airteagal 24(1) de Rialachán Uimh. 595/2004 agus Airteagal 4(2) de Dhlí Foraithne Uimh. 49/2003, d'eisigh AVEPA orduithe íocaíochta ina gcoinne.

17 Ós rud é gur díbheadh a gcaingne i gcoinne na n-orduithe sin, go bunúsach, ag an gcéad chéim, rinne na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí achomharc i gcoinne na mbreithiúnas atá i gceist os comhair an Consiglio di Stato (an Chomhairle Stáit, an Iodáil), arb í an chúirt a rinne an tarchur í. Os comhair na cúirte sin, maíonn siad, *inter alia*, gur cheart na horduithe a iarrann siad a chur ar neamhní a aicmiú mar phionóis riaracháin, de réir bhrí an dlí náisiúnta.

18 I ndáil leis sin, tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara, chun críocha chur chun feidhme na hoibleagáide pionóis a ghlacadh i gcás ina seachadtar bainne nó táirgí bainne chuig ceannaitheoir neamhúdaraithe, dá bhforáiltear ar dtús in Airteagal 14(1) de Rialachán Uimh. 1392/2001 agus ansin in Airteagal 24(1) de Rialachán Uimh. 595/2004, go ndearna reachtóir na hIodáile foráil do dhá bheart éagsúla. Chomh maith leis an bpionós riaracháin a bhfuil an ceannaitheoir faoi dhliteanas ina leith faoi Airteagal 4(4) de Dhlí Foraithne Uimh. 49/2003, foráiltear le hAirteagal 4(2) den Dlí Foraithne sin go n-íocfaidh an táirgeoir tobhach breise ('an beart atá i gceist').

19 De réir chásdlí na cúirte a rinne an tarchur agus an Corte suprema di cassazione (an Chúirt um Achomharc Deiridh, an Iodáil) araon, ní mheastar gur pionós riaracháin é an beart sin, sa chiall cheart, ach gur beart athchothromaithe margaidh é arb é atá ann aisghabháil iomlán na cainníochta arna seachadadh don cheannaitheoir neamhúdaraithe. Measann na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí, mar sin, go bhfuil an beart sin ar neamhréir le dlí an Aontais Eorpaigh, nach bhforáiltear leis do ghearradh tobhaigh ach amháin laistigh de theorainn na gcainníochtaí bainne a sháraíonn na cainníochtaí tagartha arna socrú de bhun Rialachán Uimh. 1788/2003.

20 Sa chomhthéacs sin, measann an chúirt a rinne an tarchur go bhfuil córas rialála 'dlúth' bunaithe ag reachtóir an Aontais a mhéid a bhaineann leis na rialuithe agus na hoibleagáidí lena gcumasaítear feidhmiú an chórais chun margadh an bhainne agus na dtáirgí bainne a rialáil, agus lánrogha leathan á fágáil ag an am céanna do na Ballstáit maidir le hiarmhairtí a roghnú i gcás nach gcomhlíontar na ceanglais sin. Dá bhrí sin, tá na Stáit sin in ann bearta a fhorchur ar tháirgeoirí nach pionóis riaracháin iad sa chiall is beaichte, ach bearta athchothromaithe margaidh a chomhlíonann ceanglais na hearnála.

21 Sna himthosca sin, chinn an Consiglio di Stato (an Chomhairle Stáit) bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘An gcaithfear dlí [an Aontais], go háirithe Airteagal 23 agus Airteagal 24(1) de Rialachán [Uimh. 595/2004] – agus, roimhe sin, Airteagal 13 agus Airteagal 14(1) de Rialachán [Uimh. 1392/2001] – agus prionsabail na deimhneachta dlíthiúla, [chosaint an ionchais dhlisteanaigh], na comhréireachta, an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc [leo] ar riail amhail an riail a leagtar síos leis an dlí náisiúnta lena bhforáiltear, i gcás seachadta chuig ceannaitheoir [neamhúdaraithe], go mbeidh an bainne nó an choibhéis bhainne a sholáthraítear faoi réir tobhach breise ar an táirgeoir?’

Breithniú ar an gceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

22 Mar réamhbharúil, ba cheart a thabhairt faoi deara, de réir cásdlí socair, sa nós imeachta a leagtar síos le hAirteagal 267 CFAE lena bhforáiltear do chomhar idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais, gur faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé freagra a thabhairt don chúirt náisiúnta a bheidh úsáideach di agus lena gcuirfear ar a cumas cinneadh a dhéanamh sa chás atá os a comhair. Ar an gcaoi sin, is faoin gCúirt atá sé, i gcás inarb infheidhme, na ceisteanna a chuirtear faoina bráid a chur i bhfocail eile (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Eanáir 2026, *Imballaggi Piemontesi*, C-588/24, EU:C:2026:14, mír 35 agus an cásdlí dá dtagraítear).

23 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, cé go ndéantar tagairt leis an gceist a tharchuirtear d’Airteagal 13 agus d’Airteagal 14(1) de Rialachán Uimh. 1392/2001, nach bhfuil ach forálacha Rialachán Uimh. 595/2004 ábhartha chun an cheist sin a fhreagairt. Leis an gcéad fhomhír d’Airteagal 28 agus an dara fomhír d’Airteagal 29 de Rialachán Uimh. 595/2004, aisghaireadh Rialachán Uimh. 1392/2001 le héifeacht ón 1 Aibreán 2004 agus baineann an cás sna príomhimeachtaí le seachadtaí bainne a rinneadh tar éis an dáta sin.

24 Ar an dara dul síos, a mhéid a bhaineann an cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú le hAirteagal 23 de Rialachán Uimh. 595/2004, ba cheart a thabhairt faoi deara nach mbaineann mír 3 den Airteagal sin ach leis na pionóis is infheidhme, i gcás inarb iomchuí, maidir le ceannaitheoirí i gcás ina aistarraingítear a n-údarú, cé go bhfuil amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, maidir le méid na cumhachta pionóis a fhorchur a thugtar do na Ballstáit i leith táirgeoirí bainne agus táirgí bainne, le hAirteagal 24(1) den Rialachán sin, faoina bhfuil na Stáit sin le pionóis a leagan síos i gcás ina seachadtar bainne chuig ceannaitheoir neamhúdaraithe.

25 Ar an tríú dul síos, maidir le prionsabail na deimhneachta dlíthiúla, chosaint an ionchais dhlisteanaigh, an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe, a luaitear freisin i bhfoclaíocht na ceiste a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú, ní leagann an chúirt a rinne an tarchur amach na cúiseanna a thug uirthi fiosrú a dhéanamh maidir le léiriú phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais nó maidir leis an nasc a bhunaíonn sí idir na prionsabail sin agus an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí, contrártha don mhéid a cheanglaítear le hAirteagal 94(c) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Samhain 2023, *Commune d’Ans*, C-148/22, EU:C:2023:924, mír 46 agus an cásdlí dá dtagraítear). In éagmais faisnéis leordhóthanach ina leith sin, tá an cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú do-ghlactha a mhéid a bhaineann sí leis na prionsabail sin.

26 I bhfianaise na soiléirithe sin, ní mór a mheas, go n-iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, lena ceist, an gá Airteagal 24(1) de Rialachán Uimh. 595/2004 agus prionsabal na comhréireachta a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear, i gcás ina seachadtar bainne chuig ceannaitheoir neamhúdaraithe, go mbeidh an bainne go léir a sheachadtar faoi réir tobhach breise atá dlite ón táirgeoir.

27 Sa chéad áit, ní mór a mheabhrú, ar an gcéad dul síos, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 4 de Rialachán Uimh. 1788/2003, go bhfuil an tobhach breise a thugtar isteach le hAirteagal 1 den Rialachán sin le roinnt idir na táirgeoirí a rannchuidigh leis an sárú ar na cainníochtaí tagartha. Is léir ón dara fomhír d'Airteagal 4 den Rialachán sin go bhfuil táirgeoirí faoi dhliteanas i leith an Bhallstáit a ranníocaíocht leis an tobhach atá dlite a íoc toisc gur sáraíodh an chainníocht tagartha nó na cainníochtaí tagartha a bhí ar fáil dóibh.

28 Rialaigh an Chúirt cheana féin ar chineál dlíthiúil an tobhaigh breise ar bhainne, trína shonrú nach forálacha coiriúla iad na forálacha lena mbunaítear é ach gurb ionann an tobhach sin agus srian a eascraíonn go díreach as na rialacha maidir le comheagrú mhargadh an bhainne (féach, chuige sin, breithiúnais an 25 Márta 2004, *Cooperativa Lattepiù agus páirtithe eile*, C-231/00, C-303/00 agus C-451/00, EU:C:2004:178, mír 74; an 15 Iúil 2004, *Gerekens agus Procola*, C-459/02, EU:C:2004:454, míreanna 34 go 37, agus Ordú an 21 Meitheamh 2005, *Azienda Agricola Balconi Andrea*, C-162/03, C-185/03, C-44/04, C-45/04, C-223/04, C-224/04, C-271/04 agus C-272/04, EU:C:2005:399, míreanna 22, 23 agus 28).

29 Beidh an tobhach breise mar chuid de na hidirghabhálacha atá beartaithe chun margaí talmhaíochta a chobhsú agus úsáidfear é chun caiteachas in earnáil an bhainne a mhaoiniú. Seachas an cuspóir follasach atá aige ceangal a chur ar tháirgeoirí bainne na cainníochtaí tagartha a leithdháiltear orthu a urramú, tá aidhm eacnamaíoch ag an tobhach breise freisin sa mhéid is go bhfuil sé beartaithe leis na cistí is gá a sholáthar don Aontas Eorpach chun an bainne arna tháirgeadh ag táirgeoirí de bhreis ar a gcuótaí a dhiúscairt (féach, chuige sin, breithiúnas an 27 Meitheamh 2019, *Azienda Agricola Barausse Antonio e Gabriele*, C-348/18, EU:C:2019:545, mír 53 agus an cásdlí dá dtagraítear).

30 A mhéid a fhéachann sé leis an gcothromaíocht idir soláthar agus éileamh i margadh an bhainne a athbhunú, arb é is príomhthréith dó barrachais struchtúrtha, trí tháirgeadh bainne a theorannú, tá an tobhach breise mar chuid de chuspóirí fhorbairt réasúnach an táirgthe bainne agus, trí rannchuidiú le hioncam an phobail talmhaíochta lena mbaineann a chobhsú, mar chuid de chaighdeán cóir maireachtála a áirithiú don phobal sin (breithiúnas an 27 Meitheamh 2019, *Azienda Agricola Barausse Antonio e Gabriele*, C-348/18, EU:C:2019:545, mír 52 agus an cásdlí dá dtagraítear).

31 Ar an dara dul síos, faoi Airteagal 24(1) de Rialachán Uimh. 595/2004, tá na Ballstáit le pionóis a leagan síos i gcás seachadtaí chuig ceannaitheoir neamhúdaraithe. Ní mór an fhoráil sin a léamh i bhfianaise aithris 6 den Rialachán sin, ar dá réir nach mór do na Ballstáit seiceálacha agus pionóis a leagan síos chun bailiú ceart ranníocaíochtaí le híocaíocht an tobhaigh arna bhunú le Rialachán Uimh. 1788/2003 a áirithiú.

32 Cé nach bhforáiltear go sainráite i Rialachán Uimh. 595/2004 gurb é seolaí na bpionós dá dtagraítear in Airteagal 24(1) den Rialachán sin, arna ghlacadh ag Ballstát, an táirgeoir, níl aon ní i bhfoclaíocht ná i gcomhthéacs na forála sin chun é sin a chosc.

33 Ar an tríú dul síos, leanann sé ón méid sin roimhe seo go ndéantar idirdhealú i Rialacháin Uimh. 1788/2003 agus Uimh. 595/2004 idir, ar thaobh amháin, an tobhach breise a tugadh isteach le hAirteagal 1 de Rialachán Uimh. 1788/2003, arna roinnt idir táirgeoirí a rannchuidigh le sárú na gcainníochtaí tagartha agus atá faoi dhliteanas i leith an Bhallstáit as a ranníocaíocht leis an tobhach a íoc atá dlite mar gheall ar shárú a gcainníochta tagartha nó a gcainníochtaí tagartha atá ar fáil agus mar gheall air sin amháin agus, ar an taobh eile, na pionóis, a tugadh isteach, *inter alia*, ar bhonn Airteagal 24(1) de Rialachán Uimh. 595/2004, is infheidhme maidir le táirgeoirí i gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha dá bhforáiltear le scéim an tobhaigh sin.

34 Sa chás seo, faoin reachtaíocht náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí, ar dá réir go bhfuil bainne nó coibhéis bhainne a sheachadtar chuig ceannaitheoir neamhúdaraithe go hiomlán faoi réir tobhach breise atá dlite ón táirgeoir, caithfear le mainneachtain coinníollacha scéim an tobhaigh sin a chomhlíonadh go bunúsach mar bheith coibhéiseach le sárú arna dhéanamh ag an táirgeoir sin ar na cainníochtaí tagartha a bhí ar fáil dó. Cé gur léir ón gcomhad atá os comhair na Cúirte go bhfuil sé i gceist leis an mbeart atá i gceist cainníocht iomlán an bhainne a sheachadtar chuig ceannaitheoir neamhúdaraithe a athbhunú i scéim na gcuótaí bainne chun, *inter alia*, cinneadh ceart a dhéanamh maidir leis an mbonn chun an tobhach dá bhforáiltear le Rialachán Uimh. 1788/2003 a ríomh, is amhlaidh fós nach é rótháirgeadh is cúis lena chur i bhfeidhm, ach mainneachtain na coinníollacha is infheidhme a chomhlíonadh, agus, dá bhrí sin, nach toradh loighciúil é beart den sórt sin ar an scéim tobhaigh a bunaíodh le Rialachán Uimh. 1788/2003 (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Eanáir 1999, *Wilkens*, C-181/96, EU:C:1999:29, mír 38).

35 Ina theannta sin, fiú dá measfaí an beart atá i gceist mar bheart lena rialaítear margadh an bhainne faoin dlí náisiúnta, ní mór a lua, faoi réir fhíorú na cúirte a rinne an tarchur, nach bhfuil sé i gceist leis an mbeart sin barrachais struchtúrtha táirgthe a laghdú agus táirgeadh bainne a theorannú, ach go bhféachtar leis an mbeart sin éifeachtaí neamhchothromaithe seachadtaí bainne chuig ceannaitheoirí neamhúdaraithe ar an margadh sin a cheartú amháin gan tionchar a imirt, áfach, ar tháirgeadh bainne ann féin.

36 I bhfianaise na saintréithe sin, is cosúil go bhféadfadh an beart sin teacht faoin gcoincheap ‘pionós’ de réir bhrí Airteagal 24(1) de Rialachán Uimh. 595/2004. Is amhlaidh is mó é sin a mhéid, ós rud é go n-áirítear sa bheart atá i gceist freisin cainníochtaí bainne a chumhdaítear leis na cuótaí atá ar fáil do na táirgeoirí lena mbaineann, a fhéachann sé freisin le pionós a ghearradh ar theacht timpeall ar an gcóras rianaithe agus faireacháin ar na cainníochtaí tagartha náisiúnta dá dtagraítear in aithris 6 den Rialachán sin, ar faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé é a fhíorú.

37 Ar an dara dul síos, maidir leis an gceist an gcomhlíontar Airteagal 24(1) de Rialachán Uimh. 595/2004 leis an mbeart atá i gceist, ba cheart a mheabhrú, i gcás nach bhfuil aon fhoráil shonrach i rialachán de chuid an Aontais lena leagtar síos pionós as sárú ar an Rialachán sin nó ina dtagraítear, i ndáil leis sin, d’fhorálacha náisiúnta, go gceanglaítear le hAirteagal 4(3) CAE ar na Ballstáit gach beart is gá a dhéanamh chun cur i bhfeidhm agus éifeachtacht dhlí an Aontais a ráthú (féach, chuige sin, breithiúnais an 20 Nollaig 2017, *Vaditrans*, C-102/16, EU:C:2017:1012, mír 55 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 3 Aibreán 2019, *Powszechny Zakład Ubezpieczeń na Życie*, C-617/17, EU:C:2019:283, mír 37). Chuige sin, cé go bhfuil rogha na bpionós fós infheidhme, ní mór do na Stáit sin a áirithiú, go háirithe, go ngearrfar pionós ar sháruithe ar an gceart sin faoi choinníollacha, idir choinníollacha nós imeachta agus choinníollacha substainteacha, atá ar aon dul leis na coinníollacha is infheidhme maidir le sáruithe ar an dlí náisiúnta de chineál agus de thábhacht chomhchosúil agus, in aon chás, a fhágann go mbeidh an

pionós éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach (féach, chuige sin, breithiúnas an 10 Meán Fómhair 2024, *Neves 77 Solutions*, C-351/22, EU:C:2024:723, mír 76 agus an cásdlí dá dtagraítear).

38 Go háirithe, ní rachaidh na bearta pionóis dá bhforáiltear sa reachtaíocht náisiúnta thar a bhfuil iomchuí agus riachtanach chun na cuspóirí atá á saothrú go dlisteanach leis an reachtaíocht sin a bhaint amach nó ní mór do na bearta sin a bheith díréireach leis na cuspóirí sin agus ní mór déine na smachtbhannaí a bheith i gcomhréir freisin le tromchúis na sáruithe ar ina leith a fhorchuirtear iad, go háirithe trí éifeacht fhíordhíspreagthach a áirithiú (féach, chuige sin, breithiúnais an 6 Iúil 2000, *Molkereigenossenschaft Wiedergeltingen*, C-356/97, EU:C:2000:364, míreanna 35 agus 36, agus an 10 Meán Fómhair 2024, *Neves 77 Solutions*, C-351/22, EU:C:2024:723, mír 77 agus an cásdlí dá dtagraítear).

39 Is faoin gcúirt a rinne an tarchur, nach bhfuil dlínse aici ach an dlí náisiúnta a léiriú agus a chur i bhfeidhm, atá sé a mheas an gcomhlíonann an beart atá i gceist, sa chás seo, na ceanglais a leagtar amach i míreanna 37 agus 38 den bhreithiúnas seo. É sin ráite, ní mór a thabhairt faoi deara, mar sin féin, i bhfianaise a thábhachtaí atá sé an cuspóir a bhaint amach maidir le bailiú ceart ranníocaíochtaí le híocaíocht an tobhaigh arna bhunú le Rialachán Uimh. 1788/2003 a áirithiú agus comhlíonadh scéim an tobhaigh i measc na n-oibreoirí uile a áirithiú, dá dtagraítear i mír 31 den bhreithiúnas seo, agus, ar bhonn níos ginearálta, fheidhmiú cuí chóras na gcuótaí bainne ina iomláine, ní cosúil go bhfuil an fíoras go bhfuil feidhm ag an mbeart atá i gceist freisin maidir leis na cainníochtaí bainne a d'fhéadfadh a bheith cumhdaithe le cuóta bainne díréireach ón tús.

40 Ina theannta sin, i bhfianaise argóint na n-iarratasóirí sna príomhimeachtaí gur cheart go dtiocfadh an beart atá i gceist faoi raon feidhme na rialacha náisiúnta is infheidhme maidir le pionóis riaracháin, rud a chuirfeadh ar a gcumas tairbhe a bhaint as na coimircí nós imeachta a ghabhann le bearta den sórt sin faoin dlí náisiúnta, ba cheart a mheabhrú freisin, faoi Airteagal 51(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), go ndírítear forálacha na Cairte chuig na Ballstáit agus dlí an Aontais á chur chun feidhme acu. Dá bhrí sin, in imeachtaí arna seoladh i gcomhréir le forálacha an dlí náisiúnta lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 24(1) de Rialachán Uimh. 595/2004 maidir le pionóis i gcás seachadtaí chuig ceannaitheoir neamhúdaraithe, ní mór do sheolaí an phionóis leas a bhaint as na ráthaíochtaí nós imeachta a eascraíonn, *inter alia*, as cearta na cosanta agus as an gcéad mhír d'Airteagal 47 den Chairt, lena gcumhdaítear an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil (féach, chuige sin, breithiúnas an 9 Meán Fómhair 2021, *Adler Real Estate agus páirtithe eile*, C-546/18, EU:C:2021:711, míreanna 40 go 43 agus 48). Tá feidhm aige sin beag beann ar aicmiú dlíthiúil sonrach birt den sórt sin mar phionós faoin dlí náisiúnta arna thabhairt ag an reachtóir náisiúnta.

41 Is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé arís a fháil amach an gcomhlíontar na ceanglais sin leis an mbeart atá i gceist agus an nós imeachta as ar eascair a ghlacadh.

42 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, is é an freagra ar an gceist a tharchuirtear nach mór Airteagal 24(1) de Rialachán Uimh. 595/2004 a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear, i gcás ina seachadtar bainne chuig ceannaitheoir neamhúdaraithe, go mbeidh an bainne go léir a sheachadtar faoi réir tobhach breise atá dlite ón táirgeoir, ar choinníoll go n-urramaítear cineál éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach an bhirt sin. Mar sin féin, ní mór go gcomhlíonfaí na ceanglais a eascraíonn, go háirithe, as cearta cosanta agus as Airteagal 47 den Chairt leis na rialacha mionsonraithe maidir le beart pionóis den sórt sin a ghlacadh agus na rialacha mionsonraithe lena gcuirtear ar chumas an táirgeora agóid a dhéanamh ina choinne os comhair na gcúirteanna.

Costais

43 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Séú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 24(1) de Rialachán (CE) Uimh. 595/2004 ón gCoimisiún an 30 Márta 2004 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1788/2003 ón gComhairle lena mbunaítear tobhach in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear, i gcás ina seachadtar bainne chuig ceannaitheoir neamhúdaraithe, go mbeidh an bainne go léir a sheachadtar faoi réir tobhach breise atá dlite ón táirgeoir, ar choinníoll go n-urramaítear cineál éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach an bhirt sin. Mar sin féin, ní mór go gcomhlíonfaí na ceanglais a eascraíonn, go háirithe, as cearta cosanta agus as Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh leis na rialacha mionsonraithe maidir le beart pionóis den sórt sin a ghlacadh agus na rialacha mionsonraithe lena gcuirtear ar chumas an táirgeora agóid a dhéanamh ina choinne os comhair na gcúirteanna.

Sínithe